Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12935/22**

**ECOFIN 925**
**ENV 931**
**CLIMA 473**
**FIN 980**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 4 Deireadh Fómhair 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12478/22 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le maoiniú don aeráid in oirchill an 27ú Comhdháil de na Páirtithe (COP27) in UNFCCC a bheidh ar siúl in Sharm El-Seikh an 6-18 Samhain 2022<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 4 Deireadh Fómhair 2022) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le maoiniú don aeráid mar a ghlac an Chomhairle (ECOFIN) iad ag an 3898ú cruinniú dá cuid, a bhí ar siúl an 4 Deireadh Fómhair 2022.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**MAIDIR LE MAOINIÚ DON AERÁID**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

1. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit an-tiomanta dea-shampla a thabhairt trí rannchuidiú go huaillmhianach le spriocanna uile Chomhaontú Pháras a chur chun feidhme agus Comhshocrú Aeráide Ghlaschú a chur chun feidhme. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur creat soiléir cuimsitheach atá sa Chomhaontú Glas don Eoraip chun rannchuidiú leis na cuspóirí sin, i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus méadú na teochta a theorannú go 1.5 °C, agus sraith leathan beartas chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus ar dhíghrádú an chomhshaoil, Plean tiomnaithe Infheistíochta d’Eoraip Inbhuanaithe, agus acmhainní airgeadais mar bhonn taca leis. Áirítear orthu sin Creat Airgeadais Ilbhliantúil an Aontais do 2021-2027, lena n-áirítear ionstraimí beartais sheachtraigh, agus an ionstraim théarnaimh shealadach, NextGenerationEU (NGEU), nach mór dóibh 30 % ar a laghad de bhuiséad an Aontais agus de chaiteachas NGEU a leithdháileadh chun tacú le cuspóirí aeráide, an chonair á réiteach tríothu uile ionsar na cuspóirí a chumhdaítear sa Dlí Aeráide Eorpach agus sa phacáiste ‘Oiriúnach do 55’, chun aeráidneodracht a bhaint amach san Aontas faoi 2050 ar a dhéanaí, agus chun laghdú 55 % ar a laghad a dhéanamh ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030, ó leibhéil 1990.

2. MEABHRAÍTEAR DI, tar éis fhogha míleata na Rúise faoin Úcráin, gur thíolaic an Coimisiún, arna iarraidh sin do Chomhairle Eorpach an 24 agus an 25 Márta 2022, plean REPowerEU chun freagairt ar an ngá atá le spleáchas an Aontais Eorpaigh ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú go tapa, dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glas san Aontas, agus tacú le hiarrachtaí an Aontais feabhas a chur ar a uaillmhianta aeráide.

3. MEABHRAÍTEAR DI an phráinn a cuireadh in iúl i dtorthaí thuarascálacha 2022 ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC). CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá an uaillmhian a mhéadú agus dlús a chur leis an ngníomhaíocht i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus le spriocanna fadtéarmacha an Chomhaontaithe sin agus, sa chomhthéacs sin, MEABHRAÍTEAR DI go bhféachtar, le hAirteagal 2 de Chomhaontú Pháras, leis an bhfreagairt dhomhanda ar bhagairt an athraithe aeráide a neartú, lena n-áirítear trí shreafaí airgeadais a dhéanamh comhsheasmhach leis an mbealach ionsar astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus fhorbairt atá athléimneach ó thaobh na haeráide de. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil gá le hiarracht dhomhanda chun sreafaí airgeadais a chur ar aon dul leis an gconair sin. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a phráinní atá sé dlús a chur leis na hiarrachtaí i ndáil leis sin agus gur gá do gach rialtas creataí rialála agus beartais a bhunú agus dreasachtaí iomchuí a chur ar fáil chun na hinfheistíochtaí poiblí agus príobháideacha is gá a mhealladh chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide atá os comhair gach tíre. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cuireadh líon méadaitheach tionscnamh idirnáisiúnta i bhfeidhm le blianta beaga anuas chun na hearnálacha airgeadais agus príobháideacha a shlógadh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán na haeráide. MOLANN SÍ do Pháirtithe uile Chomhaontú Pháras feabhas a chur ar thuairisciú trédhearcach, stóinseach maidir leis an maoiniú príobháideach a slógadh don ghníomhú ar son na haeráide. IARRANN SÍ AR ghníomhaithe príobháideacha a sreafaí airgeadais a ailíniú le spriocanna Chomhaontú Pháras. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, agus é ina ábhar imní di, scála an airgeadais phríobháidigh atá fós ag tacú le gníomhaíochtaí nach bhfuil ailínithe le Comhaontú Pháras go háirithe in earnáil na mbreoslaí iontaise, agus na dreasachtaí díobhálacha atá fós i bhfeidhm. MEABHRAÍTEAR DI an cinneadh a comhaontaíodh i nGlaschú dlús a chur leis na hiarrachtaí ionsar chumhacht ghuail gan staonadh a laghdú de réir a chéile agus ionsar dheireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais neamhéifeachtúla do bhreoslaí iontaise.

4. ADMHAÍONN SÍ sí a phráinní atá sé spás tiomnaithe a chruthú chun Airteagal 2.1(c) de Chomhaontú Pháras a phlé ag COP 27 in Sharm-el-Sheikh chun a chur ar chumas na bPáirtithe, na hearnála príobháidí agus geallsealbhóirí eile a dtuiscint ar an sprioc agus ar an gcaoi lena baint amach a phlé, d’fhonn a chur ar chumas tíortha a gcuid spriocanna maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe eile a bhaint amach.

5. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá tionscnaimh de chuid an Aontais maidir le Maoiniú Inbhuanaithe agus maidir le príomhshruthú aeráide i mbuiséad an Aontais, agus dul chun cinn i leith na dtionscadal sin. IS DÍOL SÁSAIMH DI na tograí ábhartha a cuireadh ar aghaidh i Straitéis an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an Aistriú chuig Geilleagar Inbhuanaithe a Mhaoiniú, darb aidhm sreafaí airgeadais a chur ar aon dul le spriocanna Chomhaontú Pháras, agus leis an obair atá á déanamh ag G20 agus ag an mBord um Chobhsaíocht Airgeadais i ndáil leis sin. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR úsáid an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus inbhuanaitheacht maoiniúcháin á neartú. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá cobhsaíocht an chórais airgeadais dhomhanda agus athléimneacht aeráide an chórais sin agus, dá bhrí sin, CUIREANN SÍ IN IÚL a thábhachtaí atá an trédhearcacht maidir le gnéithe inbhuanaitheachta de mhaoiniú, agus rioscaí a bhaineann leis an aeráid a mhaolú sa chóras airgeadais.

6. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR tionscnaimh an Aontais chun maoiniú inbhuanaithe a chur chun cinn go hidirnáisiúnta, agus IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair atá á déanamh ag an mBord um Chaighdeán Idirnáisiúnta Inbhuanaitheachta chun bonnlíne dhomhanda nochtaí inbhuanaitheachta a fhorbairt, gan srian a chur ar uaillmhian cur chuige réigiúnacha nó náisiúnta. CUIREANN SÍ I dTREIS freisin a thábhachtaí atá an obair leanúnach atá á déanamh ag comhpháirtithe san Ardán Idirnáisiúnta um Maoiniú Inbhuanaithe.

7. IS DÍOL SÁSAIMH DI líon méadaitheach na gcreataí agus na n-ionstraimí airgeadais inbhuanaithe intíre agus réigiúnacha mar chéim riachtanach chun caipiteal príobháideach agus daonchairdis a dhíriú ar na háiteanna is mó a bhfuil gá leis chun Comhaontú Pháras a chur chun feidhme. AITHNÍONN SÍ an dúshlán leanúnach atá roimh thíortha comhpháirtíochta maoiniú inbhuanaithe a shlógadh ar scála, agus ar chostais inacmhainne. I ndáil leis sin, CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS iarrachtaí leanúnacha méadaitheacha an Aontais agus na mBallstát cúnamh teicniúil a chur ar fáil ar bhonn déthaobhach agus réigiúnach chun creataí airgeadais inbhuanaithe inchreidte agus oiriúnacha a fhorbairt agus chun ionstraimí airgeadais a bhaineann leis an inbhuanaitheacht a mhéadú. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Grúpa Ardleibhéil Saineolaithe a cuireadh ar bun le déanaí maidir le maoiniú inbhuanaithe a uas-scálú i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim chun maoiniú príobháideach a shainaithint le gné sheachtrach an Chomhaontaithe Ghlais agus téarnamh glas, cóir agus athléimneach a chur chun feidhme i dtíortha comhpháirtíochta.

8. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá comhar níos fearr le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh di ráiteas G7 ina bhfógraítear an aidhm Club Aeráide a bhunú, mar fhóram idir-rialtasach arduaillmhianta chun tacú le cur chun feidhme éifeachtach Chomhaontú Pháras trí dhlús a chur leis an ngníomhú ar son na haeráide, tríd an uaillmhian a mhéadú chun astaíochtaí a laghdú, agus trí aistriú fuinnimh cóir a chur chun cinn. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an obair leanúnach atá á déanamh san Aontas chun laghduithe uaillmhianacha ar astaíochtaí a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais agus trí Shásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha a thabhairt isteach chun dul i ngleic le sceitheadh carbóin agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur príomhchodanna de thimpeallacht chumasúcháin iad praghsáil carbóin agus deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais do bhreoslaí iontaise atá díobhálach don chomhshaol chun sreafaí airgeadais a aistriú ionsar infheistíochtaí atá aeráidneodrach, athléimneach ó thaobh na haeráide de agus inbhuanaithe.

9. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé breithnithe aeráide a phríomhshruthú sa bheartas eacnamaíoch. Dá bhrí sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI leathnú rannpháirtíocht agus bhallraíocht Chomhghuaillíocht na nAirí Airgeadais um Ghníomhú ar son na hAeráide a leathnú agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ ról tábhachtach na Comhghuaillíochta agus prionsabail Heilsincí dá cuid.

10. ATHNUANN SÍ an gealltanas láidir a thug an tAontas agus a Bhallstáit an sprioc chomhchoiteann, is é sin USD 100 billiún in aghaidh na bliana a shlógadh don mhaoiniú aeráide, a bhaint amach a luaithe is féidir agus ar aghaidh go dtí 2025 ó raon leathan foinsí, agus MEASANN SÍ go mbainfear an sprioc amach in 2023. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil rún daingean ag an Aontas agus a Bhallstáit leanúint de bheith ag obair le Páirtithe tíortha forbartha eile chun an *Plean Seachadta maidir le Maoiniú don Aeráid*: *an sprioc USD 100 Billiún a bhaint amach* a socraíodh roimh COP 26 a chur chun feidhme go pras. MEABHRAÍONN SÍ gurb iad an tAontas agus a Bhallstáit an ranníocóir is mó le maoiniú poiblí idirnáisiúnta don aeráid, agus go bhfuil a ranníocaíocht le maoiniú don aeráid chun tacú le tíortha i mbéal forbartha méadaithe faoi dhó acu ó 2013 i leith. IARRANN SÍ ar dheontóirí eile dlús a chur lena n-iarrachtaí i ndáil leis an méid sin i gcomhréir freisin leis an bPlean Seachadta COP26 maidir le Maoiniú don Aeráid agus IS FADA LÉI an Tuarascáil ar dhul chun cinn sna 10 gcinn de réimsí gníomhaíochta comhchoitinne an *Phlean Seachadta* in oirchill COP27.

11. AITHNÍONN SÍ go n-iarrtar, i gComhshocrú Aeráide Ghlaschú, ar Pháirtithe tíortha forbartha a soláthair comhchoiteann, de mhaoiniú don aeráid le haghaidh oiriúnú, a thugtar do thíortha i mbéal forbartha, a mhéadú faoi dhó ar a laghad, i gcomparáid le 2019, faoi 2025, i gcomhthéacs cothromaíocht a bhaint amach idir maolú agus oiriúnú agus acmhainní airgeadais uas-scálaithe á gcur ar fáil. TÁ SÍ AG SÚIL LE comhoibriú le Páirtithe eile chun freagairt don iarraidh sin, agus, ag an am céanna, leanúint de bheith ag díriú go háirithe ar na daonraí is leochailí i dtíortha agus i bpobail, go háirithe sna Tíortha is Lú Forbairt, agus sna Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit faoi réir páirt chuiditheach a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní agus ar shrianta lena dteorannaítear an rochtain ar mhaoiniú don oiriúnú agus MOLANN SÍ do thíortha i mbéal forbartha leanúint dá rannpháirtíocht a neartú san iarracht chomhpháirteach sin. Sa chomhthéacs sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI tionscnaimh amhail an Grúpa Seaimpíní um Maoiniú don Oiriúnú, atá tiomanta do leibhéal, inrochtaineacht agus éifeachtacht an mhaoinithe don oiriúnú a mhéadú.

12. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá sé an ghníomhaíocht ar son na haeráide a chomhtháthú i bpleanáil forbartha níos leithne agus i gcreataí náisiúnta maoiniúcháin na dtíortha is faighteoirí, chun tacú le spriocanna sonracha náisiúnta a bhaint amach a bhaineann le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Sa chomhthéacs sin, CUIREANN SI I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá an príomhshruthú inscne. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta (NDCanna), Straitéisí Fadtéarmacha agus Pleananna Náisiúnta um Oiriúnú ríthábhachtach chun spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach, an trédhearcacht i gcur chun feidhme, faireachán rialta agus measúnú leanúnach ar éifeachtacht na gcistí a chuirtear ar fáil a áirithiú.

13. IS DÍOL SÁSAIMH DI an plé maidir leis an Sprioc Nua Chainníochtaithe Chomhchoiteann maidir le Maoiniú don Aeráid, a bheidh ar bun go dtí 2024, agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ rannpháirtíocht chuiditheach leanúnach an Aontais sa phlé sin agus a thiomantas an chuimsitheacht a chur chun cinn. CUIREANN SÍ I dTREIS an gá atá le cur chuige leathan claochlaitheach maidir leis an sprioc nua sin a cheapadh chun a áirithiú go mbeidh gach sreabh airgeadais comhsheasmhach le spriocanna fadtéarmacha Chomhaontú Pháras agus, dá bhrí sin, go rannchuideofar go héifeachtach, trí na sreafaí sin, leis an maolú agus leis an oiriúnú, agus riachtanais agus tosaíochtaí na dtíortha i mbéal forbartha á gcur san áireamh. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS freisin gur gá ceachtanna a fhoghlaim ó chur chun feidhme na sprice comhchoitinne, is é sin USD 100 billiún a shlógadh in aghaidh na bliana don mhaoiniú don aeráid.

14. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá an ghníomhaíocht, an tacaíocht agus an comhordú domhanda a neartú chun caillteanas agus damáiste a bhaineann le tionchair dhiúltacha an athraithe aeráide a sheachaint, a íoslaghdú agus a ghleic. IS DÍOL SÁSAIMH DI, sa chomhthéacs sin, seoladh Idirphlé Ghlaschú, ina bpléitear na socruithe chun maoiniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí chun cailliúint agus damáiste a sheachaint, a íoslaghdú agus a ghleic. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá peirspictíocht riosca aeráide a phríomhshruthú a thuilleadh sna próisis phleanála náisiúnta agus sa chomhar idirnáisiúnta. IS DÍOL SÁSAIMH DI tionscnaimh idirnáisiúnta a cheaptar chun cosaint níos fearr a thabhairt do thíortha i mbéal forbartha ar dhrochéifeachtaí an athraithe aeráide, lena n-áirítear trí uirlisí nuálacha agus foinsí airgeadais a shlógadh, amhail tionscnamh G7 den Sciath Dhomhanda i gcoinne Rioscaí Aeráide darb aidhm an ailtireacht dhomhanda um maoiniú agus árachas rioscaí tubaiste a neartú chun go mbeidh sí níos comhleanúnaí, níos córasaí agus níos marthanaí. TACAÍONN SÍ leis an gcuspóir ‘freagairt ar thionchar diúltach an athraithe aeráide’ a chomhtháthú i gceapadh agus i seachadadh na cabhrach daonnúla agus forbartha, ós rud é go bhféadfadh sé sin a bheith bunriachtanach chun athléimneacht pobal leochaileach a fhorbairt agus a fheabhsú.

15. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil ról ríthábhachtach ag Institiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta (IAIanna), lena n-áirítear Bainc Forbartha Iltaobhacha (MDBanna) agus Institiúidí Maoinithe Forbraíochta eile (IMFanna) maidir le maoiniú a shlógadh ar scála chun an gníomhú ar son na haeráide a mhéadú go suntasach, agus infheistíocht ardtionchair phríobháideach agus phoiblí a mhéadú chun spriocanna aeráide a bhaint amach agus go bhfuil ról ceannasach acu maidir le caighdeáin uaillmhianacha a leagan síos don earnáil i gcoitinne. IARRANN SÍ ar na MDBanna sin a tháirgeann maoiniú beartaisbhunaithe úsáid an chur chuige sin a mhéadú chun athchóirithe uaillmhianacha beartais aeráide agus rialála a chothú chomh maith le creatchoinníollacha polaitiúla claochlaitheacha. IS DÍOL SÁSAIMH DI tiomantas Mheitheal Chomhpháirteach MDB maidir le hAilíniú Pháras agus an Ráiteas Comhpháirteach maidir leis an Aeráid a cuireadh i láthair ag COP26, ina ngeallann na MDBanna leanúint de thacaíocht a thabhairt do sheachadadh na NDCanna i dtíortha i mbéal forbartha, a sreafaí maoiniúcháin a ailíniú ar bhonn níos leithne le Comhaontú Pháras, agus tacaíocht a thabhairt chun Straitéisí Fadtéarmacha agus aistrithe córa uaillmhianacha a fhorbairt. IS DÍOL SÁSAIMH DI, sa chomhthéacs sin, ceannaireacht roinnt MDBanna éagsúla a léirítear ina straitéisí agus ina bpleananna maidir leis an aeráid. IARRANN SÍ ar MDBanna agus ar IMFanna eile leanúint dá n-iarrachtaí maoiniú don oiriúnú a mhéadú, a chur ar fáil agus a shlógadh. IARRANN SÍ ar na MDBanna sin, ar IMFanna eile agus ar Ghníomhaireachtaí Creidmheasa Onnmhairiúcháin nach bhfuil sé déanta acu go fóill, straitéisí chun ailíniú le Comhaontú Pháras a ghlacadh agus a chur chun feidhme roimh COP27, lena n-áirítear maidir le hidirghabhálaithe airgeadais agus contrapháirtithe eile chun a leagan amach conas a bheartaíonn siad i dteannta a chéile tuairisciú a dhéanamh ar ailíniú a bpunann faoin am a bheidh tús curtha le COP27. ATHDHEARBHAÍONN SÍ na Conclúidí ón gComhairle maidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin ina bhfógraítear go bhfuil na Ballstáit chun a spriocdhátaí eolaíochtbhunaithe féin a chinneadh ina mbeartais náisiúnta faoi dheireadh 2023 chun deireadh a chur le tacú le creidmheasanna onnmhairiúcháin do thionscadail san earnáil fuinnimh breosla iontaise, ach amháin i gcúinsí teoranta a shaineofar go soiléir atá comhsheasmhach leis an teorainn téimh 1.5°C agus le spriocanna Chomhaontú Pháras. IARRANN SÍ ar na MDBanna, ar IMFanna eile agus ar ghníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin deireadh a chur de réir a chéile le maoiniú tionscadal breoslaí iontaise in earnáil an fhuinnimh a luaithe is féidir, ach amháin in imthosca teoranta a bheidh sainithe go soiléir agus i gcomhréir le teorainn téimh 1.5 °C agus le spriocanna Chomhaontú Pháras. IARRANN SÍ ar IAInna pleananna nithiúla a leagan amach chun níos mó maoinithe a shlógadh don aeráid, lena n-áirítear ón earnáil phríobháideach, chun infheistíochtaí a mhéadú sa ghníomhú chun maolú agus oiriúnú araon a dhéanamh, agus an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ á bhreithniú agus á chur i bhfeidhm go cuí le linn na n-oibríochtaí maoiniúcháin go léir.

16. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach forléargas a chur ar fáil ar shreafaí an mhaoinithe idirnáisiúnta don aeráid ón Aontas Eorpach, lena n-áirítear ón mBanc Eorpach Infheistíochta, agus óna Bhallstáit do 2021 agus iarrann sí ar an gComhairle é sin a fhormheas roimh chruinniú COP27 de chuid Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide.